C/2024/7397

9.12.2024

Nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2024/7397)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

ar leathanach 412

9503 00 35

agus Tacair thógála eile agus bréagáin tógála

9503 00 39

cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an téacs atá ann cheana:

Áirítear leis na fo-cheannteidil seo tacair thógála agus bréagáin tógála seachas pacáistí cóimeála mionsamhlacha laghdaithe ('de réir scála'), de chineál bréagán. Tá na saintréithe seo a leanas ag earraí den sórt sin:

— is éard atá iontu líon comhpháirteanna aonair a chuirtear i láthair le chéile i bpacáil;

— tá na comhpháirteanna aonair comhlántach go frithpháirteach agus níl siad oiriúnach le haghaidh imeartha ar a bhfiúntas féin. D'fhéadfadh sé go soláthraítear treoir chóimeála leis na tacair thógála sin;

— is é is bunphrionsabal dó gurb é gníomh na tógála/na cóimeála féin an príomhchuspóir a bhaineann leis an mbréagán.

Sna fo-cheannteidil seo ní áirítear earraí a chuirtear i láthair i bhfoirm neamhchóimeáilte (RLG 2 (a)), ar chúiseanna pacáistíochta, mar shampla, agus nach mbaintear astu a luach siamsaíochta ach tar éis a gcóimeála.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.